**Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste Eorpach na Réigiún: Straitéis an Aontais Eorpaigh um Theicstílí Inbhuanaithe agus Ciorclacha**

*(COM(2022) 141 final)*

(2022/C 443/15)

Rapóirtéir: **Florian MARIN**

Comhrapóirtéir: **Antonello PEZZINI**

| | |
|---|---|
| Comhairliúchán | An Coimisiún Eorpach, 2.5.2022 |
| Bunús dlí | Airteagal 304 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh |
| Rannóg atá freagrach | An Coimisiún Comhairleach um Athruithe Tionsclaíocha |
| Dáta a glactha sa rannóg | 24.6.2022 |
| Dáta a glactha sa seisiún iomlánach | 14.7.2022 |
| Seisiún iomlánach Uimh. | 571 |
| Toradh na vótála | |
| (ar son/in aghaidh/staonadh) | 202/0/2 |

1. **Conclúidí agus moltaí**

1.1 Tá sé d'acmhainn ag an tionscal teicstíle cur le spriocanna comhshaoil an Aontais, agus caithfidh sé a bheith cuntasach as an tionchar a bheidh aige ar an gcomhshaol. Ní mór an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir costais deireadh ré do tháirgeoirí teicstíle agus iomaíochas an tionscail.

1.2 D'fhonn glacadh leis an aistriú ciorclach agus an t-aistriú digiteach, tá bearta iomchuí agus solúbtha de dhíth ar éiceachóras na dteicstílí lena dtabharfar aghaidh ar na saintréithe ar leith atá aige. Ní mór don chruthaitheacht agus don nuálaíocht inbhuanaithe a bheith mar dhlúthchuid den Straitéis maidir le Teicstílí.

1.3 Tacaíonn an CESE leis na ceanglais chuimsitheacha lipéadaithe a bhaineann le hathchúrsáil agus lorg comhshaoil táirgí teicstíle mar d'fhéadfaidís tomhaltóirí a spreagadh chun táirgí inbhuanaithe a roghnú agus cáilíocht a lorg seachas cainníocht, ach chuige sin beidh gá le measúnú tionchair críochnúil agus feachtas faisnéise mórscála ar an leibhéal Eorpach.

1.4 Is cúis imní do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) na cleachtais iomaíochta éagóracha, agus tá sé ag iarraidh go mbeidh faireachas margaidh méadaithe ann ar tháirgí allmhairithe agus comhordú agus comhar níos fearr idir na húdaráis náisiúnta um fhorfheidhmiú. Tá CESE ag iarraidh go ndéanfar bearta a chur i gcrích chun cothromaíocht a áirithiú idir na gníomhaithe i slabhraí soláthair teicstíle agus molann sé dea-chleachtais dhomhanda na hinbhuanaitheachta a chur ar bun, i gcomhréir iomlán le caighdeáin theicniúla CEN, CENELEC agus ETSI, agus béim á leagan san am céanna ar an gceart chun sláinte agus cosaint an chomhshaoil.

1.5 Measann CESE gur gá comhaontuithe trádála atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo a neartú, agus míreanna inbhuanaitheachta agus cosanta chearta an duine a thabhairt isteach laistigh de Scéim na bhFabhar Ginearálaithe Taraife do thíortha i mbéal forbartha.

1.6 Bhí CESE ag súil go leagfaí níos mó béime ar ghnéithe sóisialta san earnáil, ós rud é nach mór don aistriú glas a bheith fite fuaite leis an aistriú cóir. Ba cheart tionscnaimh eile a ullmhú a bhaineann leis an idirphlé sóisialta agus leis an gcómhargáil.

1.7 Tá sé á chur in iúl ag CESE go bhfuil gá le hinfheistíochtaí agus le cláir chun cumas na n-institiúidí cigireachta agus cumas oibríochtúil na gcomhpháirtithe sóisialta chun faireachán a dhéanamh ar chomhaontuithe domhanda, ar chearta bunúsacha agus ar chearta oibrithe a chomhdhlúthú. Ní mór d'úsáid chliste cistí comhtháthaithe rannchuidiú le héagothromaíochtaí idir na Ballstáit agus na réigiúin a laghdú.

1.8 Measann CESE gur cheart cúnamh forlíontach a chur ar fáil do na Ballstáit maidir le comhar trasteorann, faireachas margaidh, rialú éifeachtach agus caighdeáin chomhchuibhithe, agus tá sé ag iarraidh go mbeidh próiseas faireacháin fornáisiúnta ann.

1.9 Tacaíonn CESE le dícheall cuí éigeantach i dtaca le cuideachtaí uile an Aontais, le tacaíocht shonrach do FBManna d'fhonn na rialacha a chomhlíonadh, agus tá sé ag iarraidh go mbeidh bearta diana ann lena gcuirfear toirmeasc ar chaidreamh eacnamaíoch le heintitis a úsáideann saothar leanaí nó nach n-urramaíonn dálaí oibre cuibhiúla, mar a shonraítear i gcroíchoinbhinsiúin na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair.

1.10 Ba cheart critéir shóisialta agus chomhshaoil do mhaoiniú tionscadal a áireamh i gcistí AE a infheistítear san earnáil sin, agus tá CESE ag iarraidh go mbeidh tionscnamh tiomnaithe de chuid an Aontais a mbeidh na comhpháirtithe sóisialta, laistigh agus lasmuigh den Aontas araon, rannpháirteach ann, chun feabhas a chur ar shlándáil shóisialta, ar dhálaí oibre, ar shláinte agus ar shábháilteacht ag an obair agus ar phá san earnáil teicstílí.

1.11 Éilíonn an t-aistriú chuig samhlacha gnó inbhuanaithe nua atá bunaithe ar éicidhearthóireacht beartais éifeachtacha a bhaineann le hábhair agus dearadh, táirgeadh agus dáileadh, forbairt an mhargaidh, úsáid agus athúsáid, bailiú agus athchúrsáil. Ní mór é a chomhlánú le deiseanna méadaithe maoinithe agus dreasachtaí breise do tháirgeoirí áitiúla próisis táirgeachta a aistriú i dtreo táirgí ardcháilíochta, marthanacha agus in-athchúrsáilte.

1.12 Ba cheart don scéim freagrachta leathnaithe táirgeora a bheidh ann amach anseo athchúrsáil snáithín go snáithín a chur chun cinn in ionad próisis chiorclaíochta mheabhlacha, agus ní mór pointí bailithe leordhóthanacha a bheith ag gabháil léi i ngach réigiún de gach Ballstát, lena n-áirítear i gceantair thuaithe.

1.13 Tá CESE ag iarraidh go n-eagrófar feachtais náisiúnta lena gcuirfear chun cinn deiseanna saothair san earnáil teicstílí, chomh maith le cláir mhaoiniúcháin le haghaidh uasoiliúint agus athoiliúint a chur ar an lucht saothair, mar aon le cláir ghairmoiliúna agus printíseachtaí a chur chun feidhme.

1.14 Tá CESE ag iarraidh go mbeidh rialacha sóisialta agus comhshaoil ann a bhaineann go sonrach le hearnáil faoi leith agus atá comhchuibhithe maidir le soláthar poiblí san Aontas. Ba cheart coiste trípháirteach Eorpach a bhunú, a mbeidh na comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta rannpháirteach ann, chun faireachán a dhéanamh ar na critéir shóisialta nó chomhshaoil i gcleachtais cheannaigh san earnáil teicstílí, agus chun tacú leo.

## 2. **Gnéithe iomaíochais**

2.1 Tá CESE ag tabhairt dá aire na huaillmhianta a leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún ([1]), ach measann sé nach bhfuil sa Teachtaireacht sin ach ráiteas faoi na céimeanna riachtanacha agus faoi ghníomhaíochtaí reachtacha, gealltanais agus gníomhartha tarmligthe a dhéanfar amach anseo, seachas gníomhaíochtaí nithiúla lena ndíreofar go roghnaitheach ar an earnáil teicstílí agus lena mbainfear amach na spriocanna ar son na hearnála sin. Bhí CESE réidh chun páirt a ghlacadh i bplé níos mionsonraithe agus bhí sé ag súil go fonnmhar leis sin, ach is mór aige gur tugadh teicstílí isteach sa phlé agus measann sé gur cheart don 16 thionscnamh reachtacha a fógraíodh agus a bheidh ann amach anseo a bheith comhleanúnach, réadúil agus in-fhorfheidhmithe.

2.2 Is éiceachóras fíor-chomhchodach é an t-éiceachóras teicstíle, lena mbaineann saintréithe ar leith do gach comhpháirt a dteastaíonn bearta iomchuí agus oiriúnaitheacha ina leith. D'fhonn aistriú ciorclach digiteach atá iomchuí agus inbhuanaithe a áirithiú, ní mór cur chuige céim ar chéim a ghlacadh agus aghaidh á tabhairt ar na sainiúlachtaí sin, agus ní cur chuige a oireann do chách. Leis an gcogadh san Úcráin agus an méadú ar phraghsanna fuinnimh, tá ualach breise ar tháirgiúlacht agus ar fheidhmíocht na hearnála.

2.3 Mar thoradh ar an méadú tapa atá tagtha ar shiopadóireacht ar líne, tá dúshlán anois ann do chuideachtaí teicstíle ó thaobh an iomaíochais de, rud a fhágann go bhfuil an tionscal ag streachailt, go háirithe i gcoinne ardáin mhóra. Ní mór aird ar leith a thabhairt ar chuideachtaí atá ag feidhmiú i roinnt Ballstát agus i dtríú tíortha. Measann CESE go bhfuil gá le rialáil na margaí digiteacha agus faireachán fornáisiúnta agus gur cheart cúnamh forlíontach a chur ar fáil do na Ballstáit i dtaca le comhar trasteorann, faireachas margaidh, rialú éifeachtach agus caighdeáin chomhchuibhithe.

([1]) Straitéis an Aontais Eorpaigh um Theicstílí Inbhuanaithe agus Ciorclacha.

2.4 An beartas ceannaigh, an gaol idir brandaí agus fochonraitheoirí éagsúla, an líon mór táirgeachta agus na praghsanna ísle, is tosca iad ar fad a chuireann le sáruithe ar chearta an duine agus ar chearta saothair. Leis an tionchar ollmhór atá ag brandaí ar leibhéal an tslabhra soláthair, is féidir an bonn a bhaint d'iarrachtaí monaróirí cearta saothair agus cearta an duine a urramú agus coinníollachtaí comhshaoil a chomhlíonadh. Tá CESE ag iarraidh go ndéanfar bearta a chur i gcrích chun cothromaíocht a áirithiú idir na gníomhaithe sna slabhraí soláthair. Thairis sin, molann CESE go láidir go dtabharfar aird chuí i straitéis an Aontais maidir le teicstílí agus i ngach gníomhaíocht ghaolmhar a bheidh ann amach anseo, ar shaintréithe FBManna ar bhealach iomchuí agus go ndéanfar measúnú tionchair sonrach roimh na bearta uile agus go ngabhfaidh an measúnú sin leo.

2.5 Is cúis imní do CESE na cleachtais éagóracha iomaíochta agus tá sé ag iarraidh go ndéanfar faireachas margaidh méadaithe ar tháirgí allmhairithe, go háirithe maidir le táirgí deiridh a thagann ó thríú tíortha agus atá ag teacht isteach sa mhargadh aonair. Tá gá le comhordú agus comhar níos fearr idir na húdaráis náisiúnta um fhorfheidhmiú chun táirgí sábháilte comhlíontacha a chur ar fáil do thomhaltóirí.

2.6 Tá sé á chur in iúl ag CESE nach mór do na ceanglais éicidhearthóireachta don earnáil teicstílí marthanacht, in-athchúrsáilteacht, indeisitheacht agus in-athúsáideacht na dtáirgí a chur san áireamh, mar aon le srianta ar úsáid ceimiceán, chomh maith le cearta sóisialta, ar mo i bhfad iad ná na gnéithe "clasaiceacha" den innealtóireacht deartha. Tá sé á thabhairt dá aire ag CESE an gá atá le cothromaíocht a aimsiú idir na costais deireadh ré a bheidh ann do tháirgeoirí teicstílí agus iomaíochas an tionscail.

2.7 Is féidir le comhaontuithe saorthrádála cuidiú le hobair chuibhiúil, slabhraí soláthair cothroma agus idirphlé sóisialta a chur chun cinn ar an leibhéal earnála. Measann CESE gur den riachtanas láithreach é na caibidlí maidir leis an trádáil agus forbairt inbhuanaithe a neartú laistigh de na comhaontuithe trádála atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo, agus míreanna inbhuanaitheachta agus cosanta chearta an duine a thabhairt isteach laistigh de Scéim na bhFabhar Ginearálaithe Taraife do thíortha i mbéal forbartha. Ba cheart measúnuithe *ex-ante* agus *ex-post* ar chearta an duine agus ar an tionchar ar an gcomhshaol a úsáid sa phróiseas caibidlíochta, le rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta agus na sochaí sibhialta, agus ba cheart dóibh tréimhse mhór ama laistigh den chuideachta a chumhdach.

2.8 Ba cheart agus ní mór d'fhiontair an gheilleagair shóisialta agus d'eagraíochtaí neamhrialtasacha a bheith rannpháirteach agus tacaíocht a thabhairt dóibh agus féadfaidh siad rannchuidiú go mór leis na spriocanna comhshaoil a bhaint amach don éiceachóras teicstíle. I bhfianaise an méid plaistigh a úsáidtear chun éadaí a tháirgeadh, tá CESE den tuairim gur cheart don Aontas breithniú a dhéanamh ar cháin a ghearradh ar shnáithíní sintéiseacha nua-tháirgthe, d'fhonn úsáid plaistigh iomlán as an nua a laghdú. Ina theannta sin, ba cheart dáileadh spáis tionscail, spriocanna réigiúnacha agus spriocanna geobheartais, agus forbairt tuaithe a chur san áireamh i bpróisis deisithe, bailithe dramhaíola, roghnúcháin agus athchúrsála.

## 3. **Inbhuanaitheacht, ciorclaíocht agus an t-aistriú glas**

3.1 Ba mhaith le CESE a chur in iúl go láidir, amach ó na forbairtí a dhéanfar san aistriú i dtreo éiceachóras teicstíle a bheidh níos athléimní, níos inbhuanaithe agus níos digití amach anseo, gur mó na tairbhí a bhaineann le saolré táirgí a fhadú ná le hathchúrsáil a dhéanamh orthu. Tá sé á thabhairt dá aire ag CESE freisin gur gá fíormhargadh an Aontais a chruthú d'amhábhair thánaisteacha, agus measann sé gur féidir leis an Aontas a bheith ar thús cadhnaíochta ar fud an domhain maidir le hábhair theicstíle thánaisteacha má urramaítear na ceanglais athchúrsála. Is féidir rannchuidiú a bhaint amach trí Ardán Eorpach Gheallsealbhóirí an Gheilleagair Chiorclaigh [2].

3.2 Tá CESE i bhfabhar na hoibleagáide maidir le hinrianaitheacht agus trédhearcacht mhéadaithe i dtaca le líon na dtáirgí a dhéanann cuideachtaí móra a aischur agus a scriosadh. Ina theannta sin, tá CESE ag iarraidh ar na comhreachtóirí tacú leis an gCoimisiún a chumhachtú chun toirmisc a thabhairt isteach maidir le táirgí teicstíle nár díoladh a scriosadh agus spreagadh a thabhairt, i gcás inar gá, chun táirgí teicstíle a dheonú do ghrúpaí atá faoi mhíbhuntáiste nó d'eintitis a bhíonn ag gabháil do ghníomhaíochtaí carthanachta.

3.3 Bíonn tionchar suntasach ar an gcomhshaol ag truailliú micreaphlaisteach arb é dearadh na dteicstílí atá ann faoi láthair is cúis leis. Tacaíonn CESE leis an gconclúid ón gCoimisiún gurb iad na próisis táirgthe atá ann faoi láthair is mó is cúis leis sin, go háirithe feiniméan an "mhearfhaisin".

---

(2) Ardán Eorpach Gheallsealbhóirí an Gheilleagair Chiorclaigh.

3.4 Tá sé á chur in iúl ag CESE go dteastaíonn tacaíocht airgeadais ó chuideachtaí chun teicneolaíochtaí sórtála uathoibrithe a ghlacadh le haghaidh teicstílí nach bhfuil ath-inchaite, chomh maith le saoráidí athchúrsála feabhsaithe a fhorbairt, lena n-áirítear an fhéidearthacht moil athchúrsála agus sórtála áitiúla agus réigiúnacha a dhearadh. Ina theannta sin, ní mór forbairt an bhonneagair do dheisiú éadaí, amhail stórais agus siopaí, a bheith ina shaincheist thábhachtach do gheallsealbhóirí an tionscail. I ndáil leis sin, molann CESE an tionscnamh EURATEX chun cúig mhol athchúrsála teicstíle ar a dtugtar "*ReHubs*" a chruthú gar do réigiúin teicstíle agus éadaigh na hEorpa chun dramhaíl teicstíle ó earnálacha tionsclaíocha, réamhthomhaltais agus iarthomhaltais a bhailiú, a shórtáil, a phróiseáil agus a athchúrsáil. Measann CESE go bhfuil gá le caighdeáin theicniúla, chomhshaoil, shóisialta agus fuinnimh do tháirgí athchúrsáilte, agus gur cheart iad a thrasuí agus a chur i bhfeidhm ar leibhéal ISO agus a chur isteach sna comhaontuithe trádála idirnáisiúnta.

3.5 Is cúis imní do CESE gur féidir dramhaíl teicstíle a onnmhairiú mar tháirgí athláimhe agus measann sé go bhfuil gá le beart a dhéanamh láithreach ina leith sin ar leibhéal an Aontais. Ní mór rialuithe éifeachtacha maidir le ceimiceáin a chur chun feidhme ar fud gach slabhra luacha. Anuas air sin, tá sé á iarraidh ag CESE go gcuirfear dea-chleachtais dhomhanda na hinbhuanaitheachta ar bun lena gceanglófar ar cheannaitheoirí agus ar úinéirí branda a sheiceáil agus a éileamh go bhfuil caighdeáin theicniúla CEN, CENELEC agus ETSI á gcomhlíonadh.

3.6 Measann CESE nach mór rialacha sóisialta agus comhshaoil atá earnáilsonrach agus comhchuibhithe maidir le soláthar poiblí a fhorbairt san Aontas, lena n-éascaítear rannpháirtíocht trasteorann agus cothroime iomaíochta agus é mar sprioc dheiridh acu córais éigeantacha agus chomhchuibhithe a bheith ann ar fud an Aontais. Ba cheart coiste trípháirteach Eorpach a bhunú, a mbeidh na comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta rannpháirteach ann, chun faireachán a dhéanamh ar na critéir shóisialta agus chomhshaoil i gcleachtais cheannaigh san earnáil teicstílí, agus chun tacú leo.

## 4. **Tomhaltóirí agus an digiteáil**

4.1 Tá CESE ag iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach measúnú tionchair a ullmhú maidir le feabhsuithe a d'fhéadfaí a chur ar lipéadú teicstílí a tháirgtear nó a dhíoltar sa mhargadh inmheánach. Ní mór rochtain chothrom ar fhaisnéis a áirithiú do thomhaltóirí maidir le scór deisithe, inrianaitheacht agus faisnéis ar an lipéad digiteach. Measann CESE go bhféadfadh ceanglais chuimsitheacha lipéadaithe maidir le hathchúrsáil agus lorg comhshaoil na dtáirgí teicstíle a bheith ina spreagadh tábhachtach do thomhaltóirí i dtaca le táirgí teicstíle níos inbhuanaithe a roghnú.

4.2 Creideann CESE gur féidir le feachtas faisnéise mórscála ar an leibhéal Eorpach cabhrú le saoránaigh roghanna eolasacha inbhuanaithe a dhéanamh, agus gur cheart dreasachtaí a chur ar fáil do thomhaltóirí chun cáilíocht níos fearr a roghnú de rogha ar chainníocht níos mó, mar shampla trí rátaí éagsúla CBL a chur i bhfeidhm le haghaidh táirgí inbhuanaithe/neamh-inbhuanaithe sa mhargadh inmheánach.

4.3 Tá ról tábhachtach ag sonraí trédhearcacha agus comhroinnte maidir le táirgí, comhpháirteanna athchúrsáilte agus athúsáidte, scriosadh earraí, ceimiceáin a úsáidtear sa phróiseas táirgthe, tionchar sóisialta agus saothair an phróisis táirgthe agus tionchar gach cuideachta ar an gcomhshaol sa slabhra soláthair maidir le faireachán a dhéanamh ar na slabhraí soláthair sin. Thairis sin, tá sé ríthábhachtach creat sonraí oscailte a chruthú agus saor-rochtain a áirithiú do thomhaltóirí, don tsochaí shibhialta agus do na comhpháirtithe sóisialta chun staid chomhshaoil agus shóisialta na hearnála teicstílí a fheabhsú. Measann CESE nach mór litearthacht dhigiteach na dtomhaltóirí a chur san áireamh agus gur cheart ábhar na sonraí a dhíriú ar na geallsealbhóirí uile sa slabhra soláthair. Ní mór an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir an gá atá le sonraí trédhearcacha agus cosaint chearta maoine na tionsclaíochta.

4.4 Is díol imní do CESE go ndéantar níos lú ná 1 % de theicstílí an domhain a athchúrsáil ina dteicstílí nua ([3]), agus measann sé gur cheart, leis an scéim freagrachta leathnaithe táirgeora a bheidh ann amach anseo, na dreasachtaí cuí a chur ar fáil lena ndéanfaí athchúrsáil snáithín go snáithín a chur chun cinn in ionad próisis chiorclaíochta mheabhlacha amhail úsáid poileistir ó bhuidéil phlaisteacha athchúrsáilte, cuir i gcás.

## 5. **Oideachas agus dálaí oibre**

5.1 Tá sé á thabhairt le fios ag CESE go bhféadfaí níos mó mionsonraí a thabhairt maidir leis na gnéithe sóisialta san earnáil teicstílí agus go mba dhíol sásaimh dó dá gcuirfí níos mó tionscnamh ar bun. Ní mór an t-aistriú glas a bheith fite fuaite leis an aistriú cóir, agus is údar díomá do CESE nár fógraíodh tuilleadh tionscnamh a bhaineann leis an idirphlé sóisialta agus leis an gcómhargáil.

([3]) An Coimisiún Eorpach – Straitéis maidir le teicstílí.

5.2 Tugtar le tuiscint le hathdháileadh cóir breisluacha laistigh de shlabhraí soláthair agus le táirgí níos freagraí go ndéanfar cómhargáil a chomhdhlúthú, go dtiocfaidh laghdú ar fhoirmeacha neamhthipiciúla fostaíochta agus go ndéanfar rialuithe cuí maidir le dálaí oibre. Mar aon le claochlú na hearnála i dtreo táirgeadh inbhuanaithe agus teicneolaíochtaí digiteacha, tá géarghá le hoibrithe oilte. I gcomparáid leis na blianta roimhe sin, tá riachtanais na hearnála ag dul i dtreo fostaithe meánoilte agus ardoilte.

5.3 Tá fadhb thromchúiseach roimh an earnáil maidir le haosú agus ní mheastar go bhfuil poist in earnáil na dteicstílí tarraingteach don ghlúin óg. Is mná iad formhór na n-oibrithe san earnáil, agus cruthaíonn sé sin níos mó brú sóisialta ar an éiceachóras. Ní mór aird ar leith a thabhairt ar ghnéithe tuaithe, ar fheirmeoirí beaga agus ar an ról atá acu i slabhraí soláthair domhanda. Tá CESE ag iarraidh go n-eagrófar feachtais shonracha i ngach Ballstát ina gcuirtear chun cinn deiseanna saothair san earnáil teicstílí, chomh maith le cláir mhaoiniúcháin le haghaidh uasoiliúint agus athoiliúint a chur ar an lucht saothair atá ann cheana, mar aon le cláir ghairmoiliúna agus printíseachtaí a chur chun feidhme i ngach Ballstát d'fhonn poist teicstíle ar ardcháilíocht a chruthú. Ba cheart d'institiúidí airgeadais coinníollachtaí sóisialta a chur san áireamh ina gcaighdeáin feidhmíochta mar choinníoll conarthach le haghaidh maoinithe.

5.4 Is fadhb i gcónaí iad sáruithe ar chearta saothair agus ar dhálaí oibre (obair fhorbhásach, drochphá, easpa sláinte agus sábháilteachta san ionad oibre, saothar éignithe), agus is léir nach leor tionscnaimh dheonacha éagsúla (iniúchtaí sóisialta, comhaontuithe domhanda, cóid iompair). Molann CESE cumas na n-institiúidí cigireachta a fhorbairt agus a chomhdhlúthú, comhleanúnachas agus cóineasú na modhanna agus na gcritéar cigireachta, oiliúint do chigirí agus comhar leis na comhpháirtithe sóisialta agus leis an tsochaí shibhialta laistigh agus lasmuigh den Aontas araon. Tá infheistíochtaí chun cumas oibríochtúil na gcomhpháirtithe sóisialta a neartú d'fhonn faireachán a dhéanamh ar chomhaontuithe domhanda, ar chearta bunúsacha agus ar chearta oibrithe fíorthábhachtach. Ní mór úsáid chliste a bhaint as cistí comhtháthaithe chun rannchuidiú le héagothromaíochtaí idir na Ballstáit agus na réigiúin san Aontas a laghdú.

5.5 I gcomhthéacs slabhraí luacha atá an-chasta agus an-ilroinnte, tá gá le cur chuige comhlántach chun an bealach i dtreo na hinbhuanaitheachta agus an cheartais shóisialta a bhaint amach. Tá caidreamh cumhachta neamhshiméadrach agus cleachtais éagóracha iomaíochta tar éis an bealach a réiteach do dhúshaothrú oibrithe agus samhail táirgeachta nach bhfuil baint aici le teorainneacha comhshaoil. Measann CESE go bhfuil gá le sásra gearán ar an leibhéal Eorpach agus i ngach Ballstát le rannpháirtíocht na sochaí sibhialta eagraithe chun cur chun feidhme cuí na straitéise a áirithiú, agus chun urraim a thabhairt do chearta an duine, do chearta oibrithe agus do choinníollachtaí comhshaoil, d'fhonn a áirithiú nach ndéanfar dúshaothrú uiríslithe ar oibrithe.

5.6 Is mór ag CESE gur eisíodh an togra le haghaidh Treoir i dtaca le Dícheall Cuí maidir le hInbhuanaitheacht Chorparáideach ([4]) le déanaí agus measann sé go bhfuil gá le dícheall cuí éigeantach i dtaca le cuideachtaí uile an Aontais, le tacaíocht shonrach do FBManna d'fhonn na rialacha a chomhlíonadh, agus tá sé ag iarraidh go mbeidh bearta diana ann lena gcuirfear toirmeasc ar chaidreamh eacnamaíoch le heintitis a úsáideann saothar leanaí nó nach n-urramaíonn dálaí oibre cuibhiúla, mar a shonraítear i gcroíchoinbhinsiúin na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair. Ina theannta sin, tá CESE á thabhairt dá aire na srianta atá ann cheana i roinnt tíortha maidir le gníomhaíochtaí ceardchumainn, agus measann sé gurb iadsan ba chúis le tionóiscí tionsclaíocha, dálaí oibre géara agus mídhaonna, drochphá, easpa trealaimh chosanta bhunúsaigh, etc.

5.7 Níor cheart saoirse comhlachais, an ceart chun ceardchumann a bhunú agus dul i bpáirt leis ná an ceart chun cómhargála a bheith ina mbacainní d'oibrithe teicstíle. Maidir le cistí an Aontais a infheistítear san earnáil teicstílí ar leibhéal an Aontais, ba cheart critéir shóisialta agus chomhshaoil a áireamh i maoiniú tionscadal a chuirtear isteach sa ghreille mheastóireachta. Mar gheall ar shainiúlacht na hearnála teicstílí, tá CESE ag iarraidh go mbeidh tionscnamh tiomnaithe de chuid an Aontais ann chun feabhas a chur ar shlándáil shóisialta, ar dhálaí oibre, ar shláinte agus sábháilteacht ag an obair agus ar phá a bheidh dírithe go sonrach ar an tionscal teicstíle, agus go mbeidh na comhpháirtithe sóisialta rannpháirteach ann, laistigh agus lasmuigh den Aontas araon.

## 6. **Cistiú agus infheistíochtaí**

6.1 Creideann CESE go bhfuil comhdhlúthú iomaíochais earnáil teicstíle na hEorpa agus laghdú a loirg carbóin ag brath ar bheartas comhtháite idirghaolmhar táirgí maille le rialáil níos láidre, ionstraimí margaidh agus dreasachtaí, caighdeáin nua agus faisnéis iomchuí do thomhaltóirí, do mhonaróirí agus do gheallsealbhóirí eile. Is féidir leis an sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha an riosca maidir le sceitheadh carbóin a laghdú agus a áirithiú go gcuirfear an lorg comhshaoil san áireamh ina iomláine i bpraghas na n-allmhairí.

([4]) Togra le haghaidh Treoir i dtaca le dícheall cuí maidir le hinbhuanaitheacht chorparáideach agus an iarscríbhinn.

6.2 Chun aistriú chuig samhlacha gnó nua inbhuanaithe a áirithiú, tá gá le beartais éifeachtacha a bhaineann le hábhair agus dearadh, táirgeadh agus dáileadh, forbairt an mhargaidh, úsáid agus athúsáid, bailiú agus athchúrsáil, agus ní mór deiseanna méadaithe maoinithe agus dreasachtaí a chur ar fáil do tháirgeoirí áitiúla chun na próisis táirgthe a athrú, taighde a dhéanamh ar theicneolaíochtaí nua agus iad a chur chun feidhme, beartais inbhuanaithe maidir le bainistiú dramhaíola a ghlacadh agus leas a bhaint as an líon mór sonraí atá ar fáil, mar aon le cruthaitheacht chultúrtha a chur chun cinn. Aithníonn CESE an ról atá ag earnálacha cruthaitheacha teicstíle maidir le réitigh nuálacha a ghiniúint a mbíonn tionchar dearfach acu ar earnálacha eile agus a chuidíonn le borradh a chur faoi iomaíochas na hEorpa.

6.3 Ní mór na gealltanais aeráide a chur i bhfeidhm ar leibhéal an tslabhra soláthair, ós rud é nach leis na brandaí na monarchana ina ndéantar na táirgí. Ba cheart dreasachtaí a bhronnadh freisin ar chuideachtaí atá aeráidneodrach agus a úsáideann fuinneamh atá 100 % in-athnuaite. Agus leas iomlán á bhaint as na cistí tiomnaithe faoi Next Generation EU, cuirfear le hinfheistíochtaí straitéiseacha, fás eacnamaíoch, rathúnas agus cruthú post a áirithiú, go háirithe do FBManna.

6.4 Teastaíonn comhchreat Eorpach agus tacaíocht airgeadais ón tionscal chun táirgí ardcháilíochta, marthanacha agus in-athchúrsáilte a chur ar fáil. Is féidir an méid sin a bhaint amach le mórinfheistíocht i dtaighde agus forbairt agus i gcláir Eorpacha ar mhórscála a mhaoiníonn agus a thacaíonn le comhoibriú idir cuideachtaí móra agus FBManna, le rannpháirtíocht dhíreach na gcomhpháirtithe sóisialta, an lucht acadúil agus na ngeallsealbhóirí eile.

6.5 Chomh maith le scéim freagrachta leathnaithe táirgeora a thabhairt isteach, ní mór pointí bailithe leordhóthanacha a chruthú i ngach réigiún de na Ballstáit, lena n-áirítear sna ceantair thuaithe. Tá CESE ag iarraidh go ndéanfar bearta sonracha a chur i gcrích a bheidh tiomnaithe do FBManna chun cur leis an gcumas inrianaitheacht agus trédhearcacht a chur ar fáil ar leibhéal an tslabhra soláthair agus chun nasc cuí le monaróirí a áirithiú, agus aird ar leith á tabhairt ar mhicrifhiontair agus ar fhiontair bheaga.

An Bhruiséil, an 14 Iúil 2022

*Uachtarán*
*Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa*
Christa SCHWENG